Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2023**
**(OR. en)**

**6525/1/23**
**REV 1**

**CO EUR-PREP 10**
**POLGEN 16**
**ECOFIN 157**
**SOC 118**
**EMPL 77**
**EDUC 57**
**COMPET 117**
**MI 121**
**ENV 146**
**ENER 81**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2023<br>– Tuarascáil sintéise |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an tuarascáil Sintéise a d'ullmhaigh an Uachtaránacht maidir leis na conclúidí a ghlac an Chomhairle i ndáil le Suirbhé Bliantúil 2023 don Fhás Inbhuanaithe, an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro. Léirítear sa doiciméad freisin an plé a rinneadh i bhfoirmíochtaí éagsúla na Comhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2023, le linn na chéad chéime den timthriall.

Cúlra

An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún 'Pacáiste an Fhómhair' do Sheimeastar Eorpach 2023, ina raibh an méid seo a leanas:

- Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023[1], ina leagtar amach straitéis an Aontais Eorpaigh don bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta, i gcomhréir leis na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch;
- Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh[2], inar moladh go ndéanfaí grinn-athbhreithniú ar 17 mBallstát in 2023 chun tromchúis na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh ar an tromchúis sin;
- an togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht[3], ina ndearnadh anailís ar an staid fostaíochta agus shóisialta san Eoraip agus inar cuireadh chun suntais na réimsí ina ndearnadh dul chun cinn, agus na cinn inar ghá níos mó a dhéanamh;
- an moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (moladh maidir leis an limistéar euro)[4], don tréimhse ó 2023 go dtí 2024, inar moladh do Bhallstáit an limistéir euro dul i mbun gnímh, astu féin, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, agus i dteannta a chéile faoi chuimsiú an Ghrúpa Euro.

Sa Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe (SBFI), leagtar amach tosaíochtaí an Aontais don bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta go ceann 12 mhí go 18 mí ón uair a eiseofar é. Ba ar réamhaisnéis eacnamaíoch an Fhómhair ón gCoimisiún i mí na Samhna 2022 a bhí an pheirspictíocht eacnamaíoch a cuireadh i láthair sa suirbhé bunaithe, ina léiríodh go raibh tréimhse dhúshlánach roimh gheilleagar an Aontais anois, ainneoin gur éirigh go maith leis sa chéad leath de 2022.

[1] 15184/22
[2] 15189/22
[3] 15076/22
[4] 15180/22

Bhí tréanfhás OTI san Aontas sa chéad leath de 2022 agus bhí an leibhéal fáis diongbháilte i gcónaí sa tríú ráithe ainneoin na turrainge eacnamaíche a d'eascair as fogha na Rúise faoin Úcráin. Bhí an-teacht aniar go deo sna margaí saothair, agus bhí an ráta dífhostaíochta níos ísle ná riamh agus an ráta fostaíochta níos airde ná mar a bhí riamh.

Leagadh amach in SBFI, clár oibre beartais eacnamaíoch lena ndéanfaí tionchair dhiúltacha na dturraingí fuinnimh a mhaolú sa ghearrthéarma agus lena leanfaí de bheith ag tacú le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus de bheith ag cur leis an athléimneacht sa mheántéarma, agus a fhágfadh go mbeifí solúbtha go leor, ag an am céanna, le dul i ngleic le dúshláin nua.

An 17 Eanáir 2023, d'fhormheas Comhairle ECOFIN **conclúidí maidir le Suirbhé Bliantúil 2023 don Fhás Inbhuanaithe**[5]. D'aithin na hairí go raibh an iliomad dúshlán eacnamaíoch, sóisialta agus geopholaitiúil os comhair gheilleagar agus shochaí an Aontais de dheasca fhogha na Rúise faoin Úcráin. Aithníodh go raibh praghsanna arda fuinnimh, atá níos airde ná mar a bhí riamh, ag cur as go mór do go leor teaghlach agus cuideachtaí san Aontas agus gurb amhlaidh freisin i gcás rátaí arda boilscithe, ganntanais soláthair, leibhéil mhéadaithe fiachais agus costais mhéadaitheacha iasachtaíochta, agus gur gá, dá réir gníomhaíocht bheartais mhear, spriocdhírithe agus chomhordaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

Tá an Chomhairle ar aon intinn gurb iad na tosaíochtaí eacnamaíocha a leagtar amach in SBFI agus na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch — an inbhuanaitheacht comhshaoil, an táirgiúlacht, an chothroime agus an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch — gurb iadsan, anois agus feasta, a threoróidh comhordú bheartas eacnamaíoch, fioscach agus fostaíochta an Aontais. Aithníodh gur gá cobhsaíocht eacnamaíoch, fhioscach agus airgeadais a chosaint, agus aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Ba chóir do na bearta tacú le fás cothrom cuimsitheach a bheadh athléimneach agus inbhuanaithe. Ba cheart dóibh rannchuidiú freisin le dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus leis an tslándáil fuinnimh a neartú, i gcomhréir le cuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol.

[5] 5125/23

Maidir le 2023, thug an Chomhairle dá haire go mba cheart bunús a thabhairt, anois agus feasta, do chomhordú beartais an Aontais leis an Seimeastar Eorpach agus le cur chun feidhme pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Ba dhíol sásaimh di intinn an Choimisiúin forléargas iomlánaíoch a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta i ngach Ballstát, lena n-áirítear dlúthfhaireachán ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus cuireadh i dtreis, ag an am céanna, a thábhachtaí atá sé leanúint den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. D'iarr an Chomhairle, mar sin féin, go gcoinneofaí an Seimeastar Eorpach dírithe go príomha ar bheartais eacnamaíocha, fhioscacha agus fostaíochta, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus dúbailt agus forluí ar fud sruthanna oibre faireachais éagsúla a sheachaint, ach comhlántacht á háirithiú ag an am céanna.

Sna conclúidí uaithi an 17 Eanáir 2023, i ndáil le **Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh**[6], ba dhíol sásaimh do Chomhairle ECOFIN an anailís a rinneadh sa doiciméad, lenar tionscnaíodh an dara babhta bliantúil déag den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, san Aontas agus laistigh den limistéar euro.

Thug na hairí dá n-aire go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún grinn-athbhreithnithe a dhéanamh i gcás na ndeich Ballstát a raibh míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha ag baint leo in 2022, agus i gcás seacht mBallstát eile a bhfuil baol ar leith ann go dtiocfaidh míchothromaíochtaí nua chun cinn iontu.

Chuir an Chomhairle i dtreis go gcuirtear feabhas ar chumas na mBallstát freagairt ar thurraingí trí bhíthin míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú agus go dtacaíonn sin le cóineasú eacnamaíoch. Braitear na hiarmhairtí dearfacha a ghabhann le laghdú na míchothromaíochtaí uile ar fud an limistéir euro agus ar fud an Aontais.

[6] 5124/23

I n**dréachtmholadh 2023 ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro**[7], moladh go rachadh na Ballstáit i mbun gnímh, astu féin, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, agus i dteannta a chéile faoi chuimsiú an Ghrúpa Euro, don tréimhse ó 2023 go 2024. Ba cheart do gheilleagair an limistéir euro ardleibhéal infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíochtaí príobháideacha a chur chun cinn a bhfuil gá leo chun borradh a chur faoin athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr agus an aistrithe chuig foinsí in-athnuaite fuinnimh. Ba cheart dóibh na cláir bheartais chomhtháthaithe agus na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, lena n-áiritheofar seachadadh tráthúil athchóirithe agus infheistíochta, agus a áirithiú go mbeidh nuashonruithe ar na pleananna spriocdhírithe, ag féachaint don staid eacnamaíoch de réir mar a bheidh, agus gan an uaillmhian fhoriomlán a bhaineann leo a laghdú.

Maidir le gnéithe sóisialta an dréachtmholta maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[8], moladh do na Ballstáit gníomhú i gcomhréir le cleachtais náisiúnta agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú, tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn caillteanas cumhachta ceannaigh na saothraithe pá, go háirithe i gcás oibrithe ar ioncam íseal, agus forbairtí táirgiúlachta meántéarmacha á léiriú agus teorainn á cur le héifeachtaí indíreacha ar bhoilsciú an tráth céanna. Ba cheart dul i mbun gnímh le córais tacaíochta sóisialta a fhorbairt agus a oiriúnú, i gcás inar gá, chun cabhrú le teaghlaigh leochaileacha dul i ngleic leis an suaitheadh fuinnimh agus leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus aghaidh á tabhairt ar bhaol bochtaineachta méadaithe. Ba cheart do Bhallstáit an limistéir Euro beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a fheabhsú tuilleadh agus bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus chun fostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn.

Glacfar an Moladh ach a ndéanfaidh Comhairle Eorpach an 23 agus an 24 Márta 2023 é a fhormhuiniú.

---

**7** 5041/23
**8** 5278/23

An 13 Márta 2023, ghlac Comhairle EPSCO **Tuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht**[9]. Soláthraíodh forbhreathnú bliantúil sa Tuarascáil ar phríomhfhorbairtí fostaíochta agus sóisialta san Aontas Eorpach, agus ar bhearta beartais na mBallstát le déanaí, i gcomhréir leis na Treoirlínte do Bheartais Fostaíochta na mBallstát.

Ag an gcruinniú céanna, d'fhormheas an Chomhairle **conclúidí maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht**[10] inar iarr sí ar na Ballstáit tosaíochtaí agus torthaí an dá dhoiciméad a léiriú ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú agus dlús a chur le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta chun príomhspriocanna agus spriocanna náisiúnta 2030 an Aontais a bhaint amach. D'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras cosanta sóisialta do chách a fheabhsú, chun borradh a chur faoin athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus an laghdú ar an daonra in aois oibre a bhaineann leis an athrú déimeagrafach á chur san áireamh.

Ba cheart do na Ballstáit na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus na geallsealbhóirí ábhartha eile a rannpháirtiú ar bhonn córasach ar bhealach tráthúil fóinteach ag gach céim de thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh agus an cheaptha beartas, mar go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun go n-éireoidh le comhordú agus cur chun feidhme an bheartais eacnamaíoch, fostaíochta agus shóisialta.

Mhol na hairí don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar ghné na fostaíochta, ar ghné na scileanna agus ar na gnéithe sóisialta a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, agus tá siad ag súil go dtabharfar na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide cothrom le dáta.

---

**9** 6059/23
**10** 6681/23

***

**Malartuithe tuairimí agus díospóireacht bheartais**

An 6 Nollaig 2022, bhí malartú tuairimí ag ECOFIN maidir le trí ghné de phacáiste an Fhómhair: an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, ina leagtar amach tosaíochtaí an Aontais don bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta go ceann 12 mhí go 18 mí, an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, lena dtionscnaítear an babhta bliantúil den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus an moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ina raibh moltaí do Bhallstáit an limistéir euro maidir le beartais a dhéanann difear d'fheidhmiú an limistéir euro ina iomláine. Formheasadh na doiciméid faoi seach ag cruinniú Chomhairle ECOFIN an 17 Eanáir 2023.

An 8 Nollaig 2022, bhí díospóireacht bheartais ag Comhairle EPSCO maidir leis an Seimeastar Eorpach, tar éis don Choimisiún pacáiste an fhómhair a chur i láthair. Chuir na hairí in iúl go raibh siad sásta, a bheag nó a mhór, leis an bpacáiste, agus mheas siad go raibh na tosaíochtaí agus na dúshláin a bhaineann leis ábhartha agus bailí. D'iarr na hairí go ndéanfaí iarracht cothromaíocht a aimsiú idir dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha, agus tacú, ag an am céanna, le grúpaí atá leochaileach faoi láthair de dheasca an mhéadaithe atá tagtha ar an gcostas maireachtála mar thoradh ar an mboilsciú ard agus ar na costais arda fuinnimh. Mheas na hairí gur uirlisí riachtanacha iad an oiliúint agus an fhoghlaim, mar shampla an t-uas-sciliú agus an t-athsciliú, chun an bhearna a dhúnadh idir ganntanas lucht saothair agus an dífhostaíocht. Leag siad béim ar a thábhachtaí atá gné na fostaíochta agus gné an bheartais shóisialta den Seimeastar Eorpach.

Le linn an mhalartaithe tuairimí a bhí ar siúl an 13 Márta 2023, ba ar an iomaíochas agus ar scileanna a bhí aird na n-airí EPSCO dírithe. Mheas na hairí go bhfuil an t-iomaíochas riachtanach má táthar le hathléimneacht inbhuanaithe eacnamaíoch agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach agus má táthar le leas sóisialach a bhaint amach chomh maith céanna. Thairis sin, éascóidh sé an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach trí dheiseanna a chruthú do chuideachtaí agus do dhaoine aonair. Bhí na hairí den tuairim go mbeidh iomaíochas gheilleagair na hEorpa amach anseo ag brath ar scileanna na n-oibrithe Eorpacha, mar go bhféadfadh leibhéil ísle scileanna digiteacha bac a chur ar fhás táirgiúlachta agus cur leis an deighilt dhigiteach, agus go mbeadh éagothromaíochtaí ann mar thoradh air sin. Tá ceist na scileanna ríthábhachtach má táthar le huaillmhian an Aontais a bhaint amach maidir le bheith aeráidneodrach faoi 2050 agus má táthar le deiseanna na deacáide digití a thapú, agus gan aon duine a fhágáil ar lár.

Ag an gComhairle Comhshaoil an 16 Márta 2023, chuir na hAirí i dtábhacht gur gá leanúint d'iniúchadh a dhéanamh ar na tairbhí socheacnamaíocha a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil in ainneoin na ndúshlán suntasach eacnamaíoch, sóisialta agus fioscach a d'eascair as fogha na Rúise faoin Úcráin. Thug na hAirí aghaidh ar chumasóirí eacnamaíocha trasearnálacha lena bhféadfaí dlús a chur leis an aistriú chuig córais inbhuanaithe tomhaltais agus táirgthe agus lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar chailliúint na bithéagsúlachta agus fás eacnamaíoch a chothú. Sa chomhthéacs sin, chuir na hairí chun suntais a ríthábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta comhshaoil, an buiséadú glas a chur chun cinn agus deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus fóirdheontais dhíobhálacha eile chun aistrithe sistéamacha inbhuanaithe a éascú. Chuir na hairí in iúl freisin nach mór don Seimeastar Eorpach leanúint de bheith ina phróiseas trédhearcach agus, i ndáil leis an méid sin, chuir siad in iúl a thábhachtaí atá eolas agus sonraí iontaofa a bheith ar fáil mar chumasóirí tábhachtacha don aistriú glas.

***

Agus an ghné Pharlaiminteach den Seimeastar Eorpach á haithint di, d'eagraigh an Uachtaránacht, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, Seachtain Pharlaiminteach an tSeimeastair Eorpaigh 2023[11] (an 27 agus an 28 Feabhra 2023) maidir le peirspictíocht na Parlaiminte i dtaca le rialachas eacnamaíoch an Aontais agus ghlac sí páirt i ndíospóireacht chomhpháirteach Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Seimeastar Eorpach (an 14 Márta 2023).

---

[11] Clár Oibre — Seachtain Pharlaiminteach Eorpach 2023_14.02.pdf (europa.eu)